Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Eanáir 2023
(OR. en)

5125/23

ECOFIN 20
UEM 14
SOC 8
EMPL 7
COMPET 12
ENV 14
EDUC 5
RECH 9
ENER 10
JAI 14
GENDER 4
ANTIDISCRIM 4
JEUN 4
SAN 11

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5040/1/23 REV 1 |
| Ábhar: | Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe<br>Conclúidí ón gComhairle (an 17 Eanáir 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe, a d’fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Eanáir 2023.

**SUIRBHÉ BLIANTÚIL 2023 DON FHÁS INBHUNAIATHE**

– Conclúidí ó Chomhairle Ecofin –

Déanann an Chomhairle (Ecofin) an méid seo a leanas:

1. ADMHAÍONN SÍ gur lean geilleagar an Aontais dá théarnamh láidir iarphaindéimeach in 2022, a bhuí leis an ngníomhaíocht bheartais mhear ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ach go bhfuil dúshláin iomadúla eacnamaíocha, shóisialta agus gheopholaitiúla roimh gheilleagar agus shochaí an Aontais mar thoradh ar an gcogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin. AITHNÍONN SÍ gur mó ná riamh roimhe iad praghsanna arda fuinnimh, rátaí arda boilscithe, ganntanais soláthair, leibhéil mhéadaithe fiachais agus costais mhéadaitheacha iasachtaíochta, agus go bhfuil tionchar acu sin ar go leor teaghlach agus cuideachtaí san Aontas, rud a éilíonn gníomhaíocht bheartais mhear, spriocdhírithe agus chomhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

2. AONTAÍONN SÍ, tríd is tríd, leis na tosaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach i Suirbhé Bliantúil 2023 don Fhás Inbhuanaithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch — an inbhuanaitheacht chomhshaoil, an táirgiúlacht, an chothroime agus an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch — agus gurb iad na gnéithe sin, anois agus feasta, a threoróidh comhordú bheartas eacnamaíoch, fioscach agus fostaíochta an Aontais. AITHNÍONN SÍ gur gá cobhsaíocht eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart do bhearta beartais tacú le fás cothrom cuimsitheach athléimneach inbhuanaithe. Ba cheart do na bearta rannchuidiú freisin le dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis an tslándáil fuinnimh a neartú, i gcomhréir le cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha an Aontais maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. IARRANN SÍ go bhforbrófaí slabhraí soláthair láidre inbhuanaithe chun slándáil soláthair an Aontais a áirithiú agus chun iomaíochas domhanda a áirithiú.

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a ríthábhachtaí atá sé an fhreagairt bheartais a chomhordú go dlúth chun dul i ngleic le tionchar eacnamaíoch agus airgeadais chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. MEABHRAÍTEAR DI iarrachtaí comhordaithe an Aontais chun dul i ngleic le héifeachtaí phaindéim COVID-19 lenar leagadh síos an bealach do théarnamh láidir in 2021 agus sa chéad leath de 2022. IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme, go hiomlán agus go héifeachtach, pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát go dtí 2026 mar aon leis na moltaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lenar cheart infheistíocht leanúnach a áirithiú agus tacú le hathchóirithe móra sna Ballstáit. MOLANN SÍ go mbainfí úsáid éifeachtúil as REPowerEU, atá ar cheann de na huirlisí, chun athléimneacht chórais fuinnimh an Aontais a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí infheistíocht agus athchóirithe, agus chun tacú freisin le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

4. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach cobhsaíocht mhacra-airgeadais a áirithiú agus sreafaí creidmheasa chuig an ngeilleagar a choinneáil ar bun chun athléimneacht a bhaint amach in imthosca eacnamaíocha dúshlánacha. IS DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí beartais a rinneadh le blianta beaga anuas as ar tháinig laghdú ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus bainc níos athléimní. Mar sin féin, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do na bainc beartais soláthair stuama agus maoláin chaipitil a choimeád i gcomhréir leis na rioscaí atá ag teacht chun cinn agus a thábhachtaí atá sé leanúint d'iasachtaí leagáide neamhthuillmheacha a laghdú agus carnadh sócmhainní lagaithe nua a chosc ag an am céanna. AITHNÍONN SÍ gur féidir le rioscaí cobhsaíochta airgeadais eascairt as foinsí éagsúla, lena n-áirítear as géarú ar dhálaí airgeadais, cibeartheagmhais ar mórscála agus laghdú géar ar phraghsanna sócmhainní. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do bhainc agus institiúidí airgeadais neamhbhainc ullmhú do chásanna ardriosca agus faireachán a dhéanamh ar leochaileachtaí in earnáil an eastáit réadaigh. ADMHAÍONN SÍ go gcuideodh doimhniú aontas na margaí caipitil agus dul chun cinn maidir leis an aontas baincéireachta le neartú na mbealaí cistiúcháin don gheilleagar, go gcuirfí chun cinn rannchuidiú na hearnála príobháidí leis na riachtanais shuntasacha infheistíochta, agus go gcuirfí le hathléimneacht eacnamaíoch agus sóisialta.

5. AONTAÍONN SÍ staonadh ó spreagadh fioscach leathan chun éileamh a chomhiomlánú in 2023, rud a éascóidh cúram an bheartais airgeadaíochta freisin chun boilsciú a laghdú agus chun ionchais bhoilscithe a choinneáil daingnithe go maith. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart bearta fioscacha, lena dtugtar aghaidh ar an tionchar a bhíonn ag ardphraghsanna fuinnimh, a bheith sealadach agus dírithe níos fearr ar theaghlaigh agus gnólachtaí leochaileacha, agus a bheith inacmhainne go fioscach agus dreasachtaí a bheith á gcur ar fáil leo chun tomhaltas fuinnimh a laghdú ag an am céanna. IARRANN SÍ go mbeadh cur chuige comhchoiteann ann maidir leis na bearta sealadacha agus maidir leis an machnamh a dhéanfar ar bhealaí iomchuí chun deireadh a chur leis an tacaíocht de réir a chéile. MEASANN SÍ gur ceart, agus gnéithe náisiúnta á gcur san áireamh, samhail praghsanna fuinnimh dhea-chalabraithe chost-éifeachtúil a chur in ionad bearta praghais leathana, ar samhail í sin lena ngabhann dhá shraith agus lena n-áirithítear dreasachtaí do choigilteas fuinnimh, nó scéimeanna eile lena mbaintear cuspóirí comhchosúla amach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé atá ar siúl faoi láthair maidir le hathchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá cothrom iomaíochta agus sláine an mhargaidh aonair a chaomhnú, i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair agus leis an gcreat sealadach géarchéime. MEASANN SÍ nach mór don bheartas fioscach a bheith solúbtha agus a bheith faoi réir chun dul in oiriúint don staid mearathraitheach más gá. AONTAÍONN SÍ gur cheart inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú leis an mbeartas fioscach agus an acmhainneacht fáis a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe cuimsitheach chomh maith, agus aird á tabhairt freisin ar na riachtanais infheistíochta poiblí agus príobháidí mhéadaithe le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, lena n-áirítear an tslándáil fuinnimh.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú amhail ó 2024, agus go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún treoir a chur ar fáil don bheartas fioscach in 2024 sa chéad ráithe de 2023.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022 maidir le treoshuímh le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. IS DÍOL SÁSAIMH DI an machnamh leanúnach atá á dhéanamh faoi conas rialachas eacnamaíoch an Aontais a dhéanamh níos éifeachtaí. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé creat fioscach a bheith ann atá bunaithe ar rialacha agus gur tosaíocht é dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch chun feabhas a chur ar chomhordú an bheartais eacnamaíoch. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an iarraidh ón gCoimisiún teacht ar chomhthoil maidir leis an athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch roimh an bpleanáil bhuiséadach do 2024.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtugtar bunús do chomhordú beartais an Aontais, anois agus feasta, le Seimeastar Eorpach 2023 agus le cur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún forléargas iomlánaíoch a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta i ngach Ballstát, lena n-áirítear dlúthfhaireachán a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an machnamh leanúnach atá á dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an limistéir euro agus ar leibhéal an Aontais. IARRANN SÍ go gcoinneofaí an Seimeastar Eorpach dírithe go príomha ar bheartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus dúbailt agus forluí ar fud sruthanna oibre faireachais éagsúla a sheachaint, ach comhlántacht á háirithiú ag an am céanna.